Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2025–2026

# Eolaíocht Teastais Shingil: Ceimic

Aonad 2

Bonnsraith

**[GSA21]**

*GSA21*

## DÉ MÁIRT 11 SAMHAIN 2025, IARNÓIN

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh ceisteanna le dúch dubh agus bain úsáid as peann luaidhe HB dorcha do líníochtaí agus do ghraif.
**Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá cead agat áireamhán eolaíoch a úsáid.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **8(a)**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, sa scrúdpháipéar seo.

14884.06**R**

**1** Bíonn siombailí ar chuid mhór buidéal d'earraí glantacháin le rabhadh a thabhairt faoi chontúirt.



**(a)** Cad é an t-ainm a thugtar ar shiombailí a thugann rabhadh faoi shubstaintí contúirteacha? Ciorclaigh do fhreagra.

**sábháilteacht** **guais** **rabhadh**

[1]


Anseo thíos taispeántar coimeádán fiailnimhe.



**(b)** Ainmnigh an tsiombail atá taispeánta ar an choimeádán sin.

______________________________ [1]




**(c)** Sa bhosca thíos, tarraing an tsiombail a d’fheicfeá ar bhuidéal tuarthóra a léiríonn go bhfuil sé creimneach.



[1]

**2** Tá léaráidí d'fhearais a úsáidtear le meascáin a dheighilt ar taispeáint thíos.

**(a)** Bain úsáid as línte le gach tacar d'fhearais a mheaitseáil le hainm an mhodha deighilte.

| **Fearas** | **Modh deighilte** |
|---|---|
|  | criostalú |
|  | scagachán |
|  | driogadh |

[2]

**(b)** Ainmnigh an modh deighilte a úsáidtear le ruaimeanna de dhathanna difriúla i ndúch a dheighilt.

______________________________ [1]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** **(a)** Is féidir cur síos a dhéanamh ar ábhair mar nádúrtha nó sintéiseach.

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma **sintéiseach**?

______________________________________________________________________


______________________________________________________________ [1]

**(ii)** Bain úsáid as ticeanna (✓) leis an tábla thíos a chomhlánú, lena léiriú cé acu ábhar nádúrtha nó ábhar sintéiseach atá i ngach ábhar. Tá an chéad cheann déanta duit.

| Ábhar | Nádúrtha | Sintéiseach |
|---|---|---|
| gloine | | ✓ |
| adhmad | | |
| plaisteach | | |
| síoda | | |
| cadás | | |

[2]

Tá panna a úsáidtear le bia a chócaráil ar taispeáint thíos.




**(b)** Luaigh **aon** airí **amháin** de phlaisteach a fhágann go bhfuil sé fóirsteanach le húsáid mar hanla an phanna. Mínigh do fhreagra.

Airí ______________________________

Míniú ______________________________ [2]

**(c)** Comhlánaigh na habairtí seo thíos faoi ábhair chliste.

Roghnaigh ó:


**inteirmeach** **timpeallacht** **teirmeacrómach**

**fótacrómach** **struchtúr**

Is é atá i gceist le hábhar cliste ná airíonna an ábhair a athraíonn ag brath ar athrú sa ______________________. Mar shampla, athraíonn ábhair ______________________ dath nuair a bhíonn athrú teochta ann. [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**4** Tugann an léaráid thíos faisnéis ar cheithre shubstaint (**A**, **B**, **C** agus **D**).




**(a)** Cé acu substaint, **A**, **B**, **C** nó **D** a bhféadfadh sé gur uisce atá inti?

_______________ [1]

**(b)** Cé acu **ceann amháin** de na ceimiceáin seo a leanas a bhféadfadh sé gur substaint **A** atá inti? Ciorclaigh do fhreagra.

**aigéad eatánóch** : **aigéad hidreaclórach** : **hiodrocsaíd sóidiam**

[1]

**(c)** Imoibríonn aigéad hidreaclórach agus hiodrocsaíd sóidiam le chéile le salann agus uisce a fhoirmiú.

**(i)** Comhlánaigh an chothromóid focal thíos don imoibriú sin.

aigéad hidreaclórach + hiodrocsaíd sóidiam ⟶ [ ] + uisce

[1]

**(ii)** Cén t-ainm a thugtar ar an chineál sin imoibrithe?

_______________________________________ [1]

**(d)** Is táscaire é litmeas dearg a úsáidtear go minic sa tsaotharlann.

**(i)** Comhlánaigh an tábla thíos le dath an litmis dheirg a thabhairt in aigéad agus in alcaile.

| **Táscaire** | **Dath in aigéad** | **Dath in alcaile** |
|---|---|---|
| litmeas dearg | | |

[1]

**(ii)** Mínigh an fáth ar táscaire níos fearr é táscaire uilíoch ná litmeas dearg agus aigéid agus alcailí á dtástáil.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(iii)** Cad é an luach pH d'alcaile láidir?

______________ [1]

**5** Is hidreacarbóin iad alcáin.

**(a)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an ráiteas ceart maidir le halcáin.

| **Ráiteas** | **Tic (✓)** |
|---|---|
| ní dhónn alcáin | |
| níl ach carbón agus hidrigin in alcáin | |
| is solad gach alcán ag teocht an tseomra | |

[1]

Is ceann amháin de na halcáin é eatán.

**(b)** Sa bhosca thíos, tarraing an fhoirmle struchtúrach d'eatán, $C_2H_6$.


[1]

Is foinse úsáideach d'alcáin í amhola.

**(c)** Cuir síos ar an dóigh a bhfoirmítear amhola.

[3]

**(d)** Is féidir amhola a dheighilt ina codáin dhifriúla ag úsáid an phróisis atá taispeánta thíos.




**(i)** Ainmnigh an próiseas ceimiceach a úsáidtear le hamhola a dheighilt.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cé acu litir **A**, **B**, **C** nó **D** a thaispeánann an áit a mbailítear biotúman le linn an phróisis deighilte?

______________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(e)** Taispeánann an tábla thíos comhdhéanamh na ngás sceite ó inneall peitril agus ó inneall díosail.

| **Gáis sceite** | **Céatadán /%** | |
|---|---|---|
| | **Inneall peitril** | **Inneall díosail** |
| nítrigin | 70.0 | 67.0 |
| dé-ocsaíd charbóin | 18.0 | 11.5 |
| gal uisce | 9.2 | 11.0 |
| ocsaigin | | 10.0 |
| gáis eile | 2.0 | 0.5 |

Bain úsáid as faisnéis ón tábla leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ríomh an céatadán d'ocsaigin sna gáis sceite ó inneall peitril.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Céatadán d'ocsaigin = ____________________ % [2]

Is foinse de thruailliú an atmaisféir é dóchán na mbreoslaí agus is féidir le méadú ar an iarmhairt ceaptha teasa a bheith ann dá bharr.

**(ii)** Cad chuige a gcuireann gáis sceite ó inneall peitril **níos mó** leis an iarmhairt ceaptha teasa ná na gáis sceite ó inneall díosail?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh **aon** fhadhb thimpeallachta **amháin** arb í an iarmhairt ceaptha teasa is cúis léi.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**6** Tá ocht ndúil ón Tábla Pheiriadach tugtha thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **cailciam** | **copar** | **fluairín** | **argón** |
| **iarann** | **carbón** | **hidrigin** | **sóidiam** |


**(a)** Agus na dúile sin **amháin** in úsáid agat, luaigh an t-ainm atá ar:

miotal cré-alcaileach. ______________________________


triathghás. ______________________________ [2]

**(b)** Tá 11 leictreon ag adamh sóidiam agus tá 9 leictreon ag adamh fluairín. Taispeántar an struchtúr leictreonach de shóidiam thíos.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid don fhluairín lena struchtúr leictreonach a thaispeáint.



**sóidiam**



**fluairín**

[1]

**(ii)** Ainmnigh an cineál de **nascadh** ceimiceach a tharlaíonn idir sóidiam agus fluairín le fluairíd sóidiam a fhoirmiú.

______________________________________________________________ [1]

**(iii)** Cad é an fhoirmle don fhluairíd sóidiam?
Ciorclaigh do fhreagra.

**$Na_2F$** **NaF** **$NaF_2$**

[1]

Is cuid de Ghrúpa 1 den Tábla Pheiriadach é sóidiam.

**(c)** Ainmnigh dúil Ghrúpa 1 **nach** bhfuil chomh himoibríoch le sóidiam.

_______________________________________________ [1]

**(d)** Tá sóidiam le fáil fosta i hidrigincharbónáit sóidiam, $NaHCO_3$.

**(i)** Cá mhéad dúil a bhíonn i hidrigincharbónáit sóidiam, $NaHCO_3$?

_______________ [1]

**(ii)** Cá mhéad adamh atá léirithe san fhoirmle $NaHCO_3$?

_______________ [1]

**7** Tugann an tábla thíos roinnt faisnéise ar na himoibrithe de thrí mhiotal **X**, **Y** agus **Z**.

| Miotal | Éifeacht an téimh le lasair Bunsen | Imoibriú le huisce fuar | Imoibriú le haigéad caol |
|---|---|---|---|
| **X** | dónn sé agus foirmítear solad buí a thiontaíonn bán nuair a fhuaraíonn sé | gan imoibriú ar bith | imoibríonn sé go seasta |
| **Y** | foirmíonn sé bratú dubh ar mhiotal | gan imoibriú ar bith | gan imoibriú ar bith |
| **Z** | dónn sé go láidir le lasair bhuí-oráiste | imoibríonn sé go láidir | imoibríonn sé go han-láidir |

**(a)** Úsáid na litreacha **X**, **Y** agus **Z** leis na trí mhiotal a chur in ord imoibríochta, ag tosú leis an cheann is mó imoibríocht.

_______________ an ceann is mó imoibríocht

_______________

_______________ an ceann is lú imoibríocht

[1]

**(b)** Úsáid faisnéis ón tábla agus do chuid eolais féin le hainm mhiotal **Z** a thabhairt.

_______________________________________________ [1]

Nuair a téadh miotail **X**, **Y** agus **Z**, d'imoibrigh siad le gás ocsaigine ón aer.

**(c)** Cuir síos ar an tástáil faoi choinne gás ocsaigine.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

[Tiontaigh an leathanach

**8** Is aon chineál amháin d'fhianaise fhóiréinseach iad méarloirg ar féidir iad a úsáid le cuidiú le coireanna a réiteach.




**(a)** Cuir síos ar an dóigh a mbailítear méarloirg ag láthair choire agus mínigh an fáth a bhfuil siad úsáideach le cuidiú le coireanna a réiteach.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- ainmneacha **dhá** chineál dhifriúla de mhéarloirg; agus
- an dóigh a n-úsáidtear púdar le méarlorg a bhailiú ó dhromchla **bán**.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar chaighdeán na scileanna cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

**(b)** Luaigh **aon** sampla **amháin** d'fhianaise **bhitheolaíoch** a d'fhéadfaí a bhailiú ó láthair choire.

[1]

**(c)** Is féidir rianfhianaise, snáithíní éadaigh mar shampla, a úsáid mar fhianaise le coireanna a réiteach. Cad é a chiallaíonn an téarma **rianfhianaise**?

[1]


**[Tiontaigh an leathanach**

**9** **(a)** D'imoibrigh dalta maignéisiam le haigéad caol. Thaifead sé an toirt de ghás hidrigine a táirgeadh san imoibriú sin in imeacht 60 soicind.

Taispeántar na torthaí thíos.

| Am /s | 0 | 10 | 20 | 30 | 40 | 50 | 60 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Toirt an gháis /$cm^3$ | 0.0 | 15.0 | 30.5 | 42.0 | 47.5 | 48.0 | 48.0 |

**(i)** Ar an eangach thíos, breac agus tarraing líneghraf do na torthaí sin. Tá an chéad phointe breactha duit.




[3]

**(ii)** Cuir síos ina iomláine ar an treocht atá taispeánta ag na torthaí sin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]


Cuireann an t-imoibriú de mhaignéisiam le haigéad caol teas amach.

**(iii)** Cad é an t-ainm a thugtar ar imoibriú a chuireann teas amach?

______________________________________________________________________ [1]

Taispeánann an graf thíos toirt an gháis a táirgeadh in imoibriú idir sinc agus aigéad caol ag 40 °C.

**(b)** Ar an eangach chéanna, tarraing líne leis na torthaí a mbeifeá ag dúil leo a thaispeáint dá ndéanfaí an turgnamh sin arís ag teocht **níos ísle** de 30 °C.




[2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

*Foinsí:*
*Ceist 1 . . . . . . . . © Getty Images × 2*
*Ceist 2(a) . . . . . . Príomhscrúdaitheoir × 3*
*Ceist 3(b) . . . . . . ©Getty Images*
*Ceist 5(d) . . . . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 6(b)(i). . . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 8(a) . . . . . . © Getty Images*

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

## SIOMBAILÍ D'IAIN ROGHNAITHE

### Iain Dheimhneacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Amóiniam | $NH_4^+$ |
| Cróimiam(III) | $Cr^{3+}$ |
| Copar(II) | $Cu^{2+}$ |
| Iarann(II) | $Fe^{2+}$ |
| Iarann(III) | $Fe^{3+}$ |
| Luaidhe(II) | $Pb^{2+}$ |
| Airgead | $Ag^+$ |
| Sinc | $Zn^{2+}$ |

### Iain Dhiúltacha

| Name | Symbol |
|---|---|
| Bútánóáit | $C_3H_7COO^-$ |
| Carbónáit | $CO_3^{2-}$ |
| Déchrómáit | $Cr_2O_7^{2-}$ |
| Eatánóáit | $CH_3COO^-$ |
| Hidrigincharbónáit | $HCO_3^-$ |
| Hiodrocsaíd | $OH^-$ |
| Meatánóáit | $HCOO^-$ |
| Níotráit | $NO_3^-$ |
| Própánóáit | $C_2H_5COO^-$ |
| Sulfáit | $SO_4^{2-}$ |
| Suilfít | $SO_3^{2-}$ |

## INTUASLAGTHACHT NA SALANN COITEANN, NA HIODROCSAÍDÍ AGUS NA N-OCSAÍDÍ IN UISCE FUAR

| Intuaslagtha |
|---|
| Gach salann sóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| Gach níotráit |
| An chuid is mó de na clóirídí, na bróimídí agus na hiaidídí SEACHAS clóirídí, bróimídí agus iaidídí airgid agus luaidhe |
| An chuid is mó de na sulfáití SEACHAS sulfáití luaidhe agus bairiam<br>Tá sulfáit chailciam giota beag intuaslagtha |

| Dothuaslagtha |
|---|
| An chuid is mó de na carbónáití<br>SEACHAS carbónáití sóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hiodrocsaídí<br>SEACHAS hiodrocsaídí sóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hocsaídí<br>SEACHAS ocsaídí sóidiam, potaisiam agus cailciam a imoibríonn le huisce |

© CCEA 2017
COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

11984.01

Rewarding Learning

# Bileog Sonraí

## Lena n-áirítear Tábla Peiriadach na nDúl

Le húsáid ag iarrthóirí atá ag dul do
Eolaíocht: Ceimic,
Eolaíocht: Teastas Dúbailte
nó Eolaíocht: Teastas Singil

**Caithfidh cóipeanna a bheith saor ó nótaí nó rudaí breise de chineál ar bith. Ní cheadaítear aon chineál ar bith de leabhrán sonraí nó de leathán faisnéise eile lena n-úsáid sna scrúduithe**

# scrúduithe gcse

# ceimic

# TÁBLA PEIRIADACH NA nDÚL

## Grúpa

| 1 | 2 | | | | | | | | | | | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | 1 **H** Hidrigin 1 | | | | | | | | | | 4 **He** Héiliam 2 |
| 7 **Li** Litiam 3 | 9 **Be** Beirilliam 4 | | | | | | | | | | | 11 **B** Bórón 5 | 12 **C** Carbón 6 | 14 **N** Nítrigin 7 | 16 **O** Ocsaigin 8 | 19 **F** Fluairín 9 | 20 **Ne** Neon 10 |
| 23 **Na** Sóidiam 11 | 24 **Mg** Maignéisiam 12 | | | | | | | | | | | 27 **Al** Alúmanam 13 | 28 **Si** Sileacan 14 | 31 **P** Fosfar 15 | 32 **S** Sulfar 16 | 35.5 **Cl** Clóirín 17 | 40 **Ar** Argón 18 |
| 39 **K** Potaisiam 19 | 40 **Ca** Cailciam 20 | 45 **Sc** Scaindiam 21 | 48 **Ti** Tíotáiniam 22 | 51 **V** Vanaidiam 23 | 52 **Cr** Cróimiam 24 | 55 **Mn** Mangainéis 25 | 56 **Fe** Iarann 26 | 59 **Co** Cóbalt 27 | 59 **Ni** Nicil 28 | 64 **Cu** Copar 29 | 65 **Zn** Sinc 30 | 70 **Ga** Gailliam 31 | 73 **Ge** Gearmáiniam 32 | 75 **As** Arsanaic 33 | 79 **Se** Seiléiniam 34 | 80 **Br** Bróimín 35 | 84 **Kr** Crioptón 36 |
| 85 **Rb** Rubaidiam 37 | 88 **Sr** Strointiam 38 | 89 **Y** Itriam 39 | 91 **Zr** Siorcóiniam 40 | 93 **Nb** Niaibiam 41 | 96 **Mo** Molaibdéineam 42 | 98 **Tc** Teicnéitiam 43 | 101 **Ru** Ruitéiniam 44 | 103 **Rh** Róidiam 45 | 106 **Pd** Pallaidiam 46 | 108 **Ag** Airgead 47 | 112 **Cd** Caidmiam 48 | 115 **In** Indiam 49 | 119 **Sn** Stán 50 | 122 **Sb** Antamón 51 | 128 **Te** Teallúiriam 52 | 127 **I** Iaidín 53 | 131 **Xe** Xeanón 54 |
| 133 **Cs** Caeisiam 55 | 137 **Ba** Bairiam 56 | 139 **La*** Lantanam 57 | 178 **Hf** Haifniam 72 | 181 **Ta** Tantalam 73 | 184 **W** Tungstan 74 | 186 **Re** Réiniam 75 | 190 **Os** Oismiam 76 | 192 **Ir** Iridiam 77 | 195 **Pt** Platanam 78 | 197 **Au** Ór 79 | 201 **Hg** Mearcair 80 | 204 **Tl** Tailliam 81 | 207 **Pb** Luaidhe 82 | 209 **Bi** Biosmat 83 | 210 **Po** Polóiniam 84 | 210 **At** Astaitín 85 | 222 **Rn** Radón 86 |
| 223 **Fr** Frainciam 87 | 226 **Ra** Raidiam 88 | 227 **Ac†** Achtainiam 89 | 261 **Rf** Rutarfoirdiam 104 | 262 **Db** Dúibniam 105 | 266 **Sg** Seaboirgiam 106 | 264 **Bh** Bóiriam 107 | 277 **Hs** Haisiam 108 | 268 **Mt** Meitniriam 109 | 271 **Ds** Darmstaidiam 110 | 272 **Rg** Rointginiam 111 | 285 **Cn** Copairniciam 112 | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140 **Ce** Ceiriam 58 | 141 **Pr** Praiséidimiam 59 | 144 **Nd** Neoidimiam 60 | 145 **Pm** Próiméitiam 61 | 150 **Sm** Samairiam 62 | 152 **Eu** Eoraipiam 63 | 157 **Gd** Gadailiniam 64 | 159 **Tb** Teirbiam 65 | 162 **Dy** Diospróisiam 66 | 165 **Ho** Hoilmiam 67 | 167 **Er** Eirbiam 68 | 169 **Tm** Túiliam 69 | 173 **Yb** Itéirbiam 70 | 175 **Lu** Lúitéitiam 71 |
| 232 **Th** Tóiriam 90 | 231 **Pa** Prótachtainiam 91 | 238 **U** Úráiniam 92 | 237 **Np** Neiptiúiniam 93 | 242 **Pu** Plútóiniam 94 | 243 **Am** Aimeiriciam 95 | 247 **Cm** Ciúiriam 96 | 245 **Bk** Beircéiliam 97 | 251 **Cf** Calafoirniam 98 | 254 **Es** Éinstéiniam 99 | 253 **Fm** Feirmiam 100 | 256 **Md** Meindiléiviam 101 | 254 **No** Nóbailiam 102 | 257 **Lr** Láirinciam 103 |

* 58 – 71 Sraith Lantanaim
† 90 – 103 Sraith Achtainiam

(key: box with a top left, X centre, b bottom left)

**a** = mais adamhach choibhneasta (go neasach)
**x** = siombail adamhach
**b** = uimhir adamhach

11984.01